

❖ An Lúibín ❖

22 Meitheamh 2015

Diaspóra éigin

Tá diaspóra Éireannach ann, de réir mar a fhógraítear: gréasán de dhaoine a bhfuil a fhios acu gur de shliocht Éireannach iad agus atá mórtasach as; daoine a shamhlaíonn go bhfuil saincheangal idir iad agus tír a sinsear. Tá daoine eile ann ar de shliocht Éireannach iad agus ar cuma leo faoi; tá (aisteach le rá) leithéidí an té a scríobh é seo ann – Gaeilgeoirí i dtíortha eile ar binn leo an teanga ach nach bhfuil suim acu in Éirinn thar mar a bheadh acu in aon tír eile. (Nach díol spéise gach tír ar a slí féin?)

Sna 1990í a thosaigh iriseoirí agus acadóirí de chuid na hÉireann ag úsáid an téarma Diaspóra chun tuairt a bhaint as nóisín féiniúlachta a bhí socair go dtí sin. B'fhéidir linn anois teorainneacha teoiriciúla an náisiúnstáit a shárú agus a aithint go raibh difríochtaí le fáil san ionannas i measc daoine de shliocht Éireannach. Nóisean é mar sin a ligfeadh dúinn cruth nua a chur ar shean-nósanna polaitiúla agus cultúrtha, ach deir criticeoirí éigin gur nóisean frithrathúil é agus seasamh chomh mór sin aige ar shaindúchas éigin. Ní shéantar ná go bhfuil an-éagsúlacht ag baint leis an Diaspóra, agus gur iomaí dearcadh inchonspóide atá acu i leith cheist seo na féiniúlachta Éireannaí.¹

Áitítear uaireanta go bhfuil buntréithe éigin buana ag imircigh Éireannacha agus a sliocht, dream a bhfuil rian an ilchultúrachais orthu ach nach féidir iad a athrú ó bhonn. 'Teaghlach' idirnáisiúnta atá ann agus é ag dul ó neart go neart le cabhair ón Idirlíon. Ní foláir idirdhealú a dhéanamh idir Éireannaigh a dhéanann iarracht ar fhánacht i dteagmháil lena mhuintir sa bhaile agus an dream ar tháinig a sinseanmháthair ó Chorca Dhuibhne, ach ar bhealach diamhair is aon tain amháin iad. Ní deacair an argóint seo a dhianscagadh agus a bhréagnú, cé go bhfuil roinnt fírinne ag gabháil léi, go háirithe agus an Ghaeilge i gceist.

Éire féin a thugann brí agus bunús leis an Diaspóra. Tá sé le tuiscint go rachaidh an chlann scaipthe úd ar sochar don mháthair i gcúrsaí cultúir, geilleagair, polaitíochta agus bolscaireachta. Déantar talamh slán de go bhfuil acmhainn iontach ann agus gur féidir leas a bhaint aisti; ní in aisce a thug cailíní agus buachaillí a n-aghaidh ar Bhostún nó ar Melbourne, ní gan tairbhe a shíolraigh na hÉireannaigh chomh rábach sin thar lear. Luaitear 'muintearas' agus fiú 'spioradáltacht' agus cuimhnítear ar sheifteanna a mheallfadh na deoraithe abhaile ar cuairt (agus spré acu).


Os a choinne sin, tig le daoine áirithe a rá gur de shliocht Éireannach iad ach nach daoine d'aon Diaspóra iad. Orthu sin tá údar an phíosá seo. Astrálach é nó *citoyen du monde*. Gaeilge aige agus Béarla, agus teanga nó dhó eile. Agus níl sa Ghaeilge atá aige ach teanga de chuid a thíre féin.



¹ Féach an díospóireacht in Breda Gray, *Women and the Irish Diaspora*, Routledge 2004.

John McGahern. *Idir Mhná*. Coisceim 2015. Irene Duffy Lynch a d'aistrigh.

<http://www.coisceim.ie/idirmhna.html>



Bhí *Among Women* ar na leabhair is mó a tharraing clú ar John McGahern, scríbhneoir Chekhovach a rinneadh cinsireacht ar chuid dá shaothar. Tugann an leabhar seo cuntas ar sheanduine deacair cantalach, an Móránach, a throid i gCogadh na Saoirse agus é ina cheannasaí cumasach. Chuir an Stát a bunaíodh dá bharr díomá air, agus chuaigh sé le feirmeoireacht in iarthar na hÉireann. Creideann sé i gcumhacht an teaghlaigh, agus tugann sé grá cráite tadhach dá dteaghlach féin. Cuireann sé colg ar a chlann mhac agus ar a chairde, ach is é a shaol idir mhná is mó a chránn é – an dara bean aige Róise, an triúr iníonacha. Mar sin féin, tá siad dílis dó go bás.

Anois tá an leabhar aistrithe go Gaeilge mar *Idir Mhná*. Irene Duffy Lynch a d'aistrigh agus fuair sí moladh dá bharr. Coisceim a d'fhoilsigh an leabhar agus réamhrá le Declan Kiberd ann, agus bíodh súil againn go gcuirfidh siad amach cuid eile d'aistriúcháin dá leithéid, mar a rinne An Gúm fadó. Nár mhaith an rud é dá gcumhneofaí ar úrscéalta staire Patrick O'Brien a aistriú, mar shampla. Tá na léitheoirí ann. Nár bhreá an rud é freisin dá n-aistreofoaí roinnt leabhar ó theangacha eile ar an dóigh chéanna. Tá neart saothar comhaimseartha i bhFraincis, mar shampla, a shaibhreach litríocht na Gaeilge ach iad a bheith ar fáil.

Tá Coisceim le moladh as *Idir Mhná* a fhoilsiú, rud a chuireann i gcumhne dúinn cé chomh torthúil is atá siad i gcothú chultúir na Gaeilge lenár linn.



I mbéala báis: teanga na Gaeltachta

An rud is déanaí ba chúis le díospóireacht ghéar i saol na Gaeilge is í tuarascáil Chonchúir Uí Ghiollagáin agus Martin Charlton í: *Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: 2006–2011*. Deirtear ann go bhfuil an creimeadh atá á dhéanamh ar úsáid shóisialta na Gaeilge sa Ghaeltacht ag titim amach níos tapúla ná mar a bhí á thuar. Ní bheidh an Ghaeilge á labhairt mar phríomhtheanga phobail in aon limistéar Gaeltachta faoi cheann deich mbliana. Tá an teanga i mbaol fiú sna ceantair is láidre Gaeilge, agus i measc daoine óga is mó a fhaightear spléachadh ar an mísheasmhacht úd.

Deir na húdair gurb é aidhm an fhoilseacháin seo nuashonrú a dhéanamh ar thaighde an *Staidéir Chuimsithigh Theangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* (SCT 2007) i bhfianaise faisnéis nua teanga a cuireadh ar fáil ó 2007 i leith. Baineadh leas ar leith as dhá fhoinsé staitistiúla: Daonáireamh na hÉireann 2006–2011 agus Scéim Labhairt na Gaeilge de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta (SLG). Tá torthaí na hanailíse curtha i láthair i bhfianaise tuiscintí úra ar shealbhú mionteanga agus ar na cúrsaí teangeolaíochta agus sochtheangeolaíochta a bhaineann leis.

Is beag den mhionteanga a fuair na daoine óga sa Ghaeltacht le hais neart feidhmiúil agus sóisialta an Bhéarla. Is sa chúlú seo ón mionteanga i réimsí áirithe is féidir an bás a thuar. Deir na húdair an méid seo: 'Le tátal na tuarascála seo a chur i láthair ar bhealach thar a bheith lom, tá an fhéiniúlacht Ghaelach, mar a thuigtear go sóisialta agus go heitneach í, ag meath go tréan'.

Deir na húdair nach bhfuil an Ghaeltacht buan mar atá sí. Deir siad nach bhfuil ag éirí, agus is beag seans go n-éireoidh, lena bhfuil á bheartú i leith ghéarchéim na Gaeltachta toisc 'nach bhfuil sé fréamhaithe i ndiagnóis chearta ar an deacracht a bhfuil sé ag iarraidh dul i ngleic léi'. Tá na beartais atá anois ann ag iarraidh an Ghaeilge a chothú mar earra roghnach. Ach ní mhaireann teangacha toisc gur earraí tarraingteacha cultúrtha iad, maireann siad 'de thoradh na hacmhainne atá ag grúpaí sóisialta feidhm shoch-chultúrtha a thabhairt dóibh'.

Más fíor do na húdair, níl beartais san *Acht* ná sa *Straitéis* a thabharfadh tacaíocht phraiticiúil maidir leis na riachtanais seo a leanas: cúnaimh do thuismitheoirí atá ag iarraidh a gclann a thógáil le Gaeilge; gréasáin teaghlaigh Ghaeilge a dhlúthú; beartais a chur i ngníomh a fhéachann le húsáid na Gaeilge a threisíú i measc aos óg na Gaeltachta, fearacht imeachtaí tarraingteacha a bheadh á réachtáil trí Ghaeilge ag Comharchumann Óige; oideachas a sholáthar a chothaíonn cainteoirí cumasacha Gaeilge gan a gcuid Béarla a lagú; uirlisí riaracháin atá in ann tosaíocht a thabhairt d'iarachtaí stáit dul i ngleic le géarchéim na Gaeltachta; agus taighde leanúnach ar fhóinteacht na mbeartas ar son na Gaeltachta a chur ar fáil don phobal.

Is baolach nach mbeidh feidhm neamhspleách ag an nGaeilge i saol an phobail mhóir feasta agus an Stát ag diúltú dá chuid dualgas. Is dócha nach mbeidh cúnaimh an Stáit le fáil feasta ach mar a leanas: tacaíocht theoranta a thabhairt don teanga i gcuid den chóras oideachais, tacaíocht éigin a thabhairt do scoláirí atá ag déanamh taighde stairiúil agus téacsúil ar an oidhreacht liteartha, tacaíocht a thabhairt do dhaoine atá in ann an seanchultúr a chur in iúl d'Éirinn an Bhéarla agus do mheáin dhátheangacha. Mar a dúirt Ó Giollagáin in áit eile: 'Language policy in Ireland is clearly moving in the direction of a heritage model ...'

Ní hionann seo is a rá nach mbeidh Gaeilgeoirí ag maireachtáil in iarsma na Gaeltachta, ach ní bheidh siad sách líonmhar le bonn a chur ar fáil don phobal sa chaoi is go mbeidh nósanna Gaeilge á gcleachtadh go saoráideach ina measc. Mairfidh gréasáin scáinte Ghaeilge i gceantair ar leith níos faide ná sin, b'fhéidir, go háirithe i ngréasáin na seantuismitheoireachta, ach ní bheidh na gréasáin sách láidir ná dinimiciúil le heiseamláir ná le ceannaireacht a thabhairt dá bpobail.

D'ainneoin a bhfuil ráite sa tuarascáil, ní hé bás na Gaeltachta bás na Gaeilge. Tá gréasáin láidir de Ghaeilgeoirí ann in Éirinn agus thar lear agus is dócha go dtiocfaidh mionphobail Ghaeilge ar an bhfód i mBaile Átha Cliath uathu féin le himeacht aimsire, fiú má theip ar na hiarrachtaí a rinne go dtí seo ar a leithéid a bhunú d'aonghnó. Briseadh beartais atá i gceist anseo agus baint aige le hidé-eolaíocht chultúrtha an Stáit. Bhí an Ghaeltacht thraidisiúnta le bheith ann go deo. Ach ní raibh inti ó bhunú an Stáit i leith ach líne ar léarscáil: í beo sa dóchas seachas sa ghníomh. Mar sin féin, tá Gaeltacht eile ann, aisling rómánsach a mhairfidh, b'fhéidir, níos faide ná aon tionscadal stáit.

Féach

Conchúr Ó Giollagáin agus Martin Charlton: *Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: 2006–2011*:

http://www.udaras.ie/media/pdf/002910_Udaras_Nuashonr%C3%BA_FULL_report_A4_FA.pdf



Iarrachtaí gan toradh

Comhairleoir tástála teanga is ea Siuán Ní Mhaonaigh sa Lárionad Teanga in Ollscoil Mhaigh Nuad. Is gearr ó scríobh sí alt don *Irish Times* inar cháin sí mí-éifeacht scrúdú Gaeilge na hArdteiste go géar.² Ba cheart, a deir sí, go mbeadh baint ag toradh scrúdaithe le cumas an té a rinne an scrúdú. Más ea, is mór an teip é scrúdú na hArdteiste i mbliana: ‘What, for example, can be deduced from students’ response to a productive writing section which is an open invitation to regurgitate rote-learned content?’ Ní mór an chabhair na haistí a thugann na múinteoirí do na daltaí roimh ré, aistí ar furasta iad a chur in oiriúint do cheann éigin de na naoi dtopaicí.

Is fusa fós an triail chluastuisceana, dar léi. Den chuid is mó, níl ag teastáil chun na ceisteanna a fhreagairt ach an t-eolas is bunúsáí: ainmneacha, dátaí, amanna. Is measa fós na ceisteanna is féidir a fhreagairt gan éisteacht leis an taifeadadh. Iarrtar ar dhaltá cuntas a thabhairt ar roinnt pictiúr – ach ní triail cheart í mar roinntear na pictiúir ar na scoileanna ocht mí dhéag roimh an scrúdú. Is féidir leath na marcanna a fháil le rudaí a chuirtear de ghlanmheabhair roimh an scrúdú.

Deir sí gur féidir na lochtanna úd a cheartú. Tá samplaí an-mhaithe le fáil maidir le i dteangacha eile a ndéantar staidéar orthu ar scoil. Is deacair a thuiscint cén fáth nach ndéantar aon iarracht ar an drochscéal a leigheas. Déarfadh duine soiniúil go dtabharfar tús áite choíche do mhéid áirithe pasanna i nGaeilge seachas do thástáil chruinn éifeachtach. Ní féidir an córas a leasú, dar léi, gan nasc ceart a dhéanamh idir múineadh na Gaeilge sna bunscoileanna agus sna meánscoileanna agus caighdeán áirithe a chur i bhfeidhm.

Tá baint ag an scéal seo le teip mhór an Stáit maidir le cothú na Gaeilge. B’fhéidir go raibh cuid mhaith den cheart ag an tráchtair Diarmuid Ó Néill i leabhar a d’fhoilsigh sé sa bhliain 2005:

The Irish establishment – government, economic and religious – seem to view Irish as the proverbial friend whom one wants to see do well – but not too well. This establishment resistance to Irish, which is interestingly not shared by the general public, is not easy to explain but the answer lie in economic considerations.³

Ó na caogaidí i leith tá Éire ag brath go mór ar infheistíocht ón iasacht, ón mBreatain, ó Mheiriceá agus ó tíortha eile. Deirtear gur mór an buntáiste an Béarla chuige seo. Ach is é barúil mo dhuine nach leor eolas ar an mBéarla chun tír a thabhairt chun rathúnais sa gheilleagar domhanda. Is éard is tábhachtaí smacht a bheith agat ar do gheilleagar féin. Tá eagla mhírreasúnta ar lucht pleanála in Éirinn go mbacfaidh athbhláthú na Gaeilge infheistíocht ón iasacht agus malartú earraí agus seirbhísí idir Éire agus tíortha móra an Bhéarla.

Mar sin féin, tá deiseanna ag baint leis an nGaeilge, a bhuíochas sin ar an rialtas. Tá deich mbliana ann ó rinneadh teanga oifigiúil agus oibre den Ghaeilge san Aontas Eorpach. De ghnáth ba leor seo chun reachtaíocht uile an Aontais a chur á haistriú go Gaeilge, ach tá maolú faighte ag Rialtas na hÉireann ón gceart seo toisc a dheacracht a bhí sé an líon cuí aistriitheoirí a earcú.

Ach tá poist ann fós. Tá cáipéisí agus óráidí le haistriú go Gaeilge, agus tá neart post eile ann a bhfuil dhá theanga oibre Eorpacha ar a laghad ag teastáil chucu (in éineacht le saoránacht san AE agus dioplóma ollscoile). Caithfidh tú eolas iomlán a bheith agat ar theanga oifigiúil de chuid an AE agus eolas réasúnta maith ar Bhéarla, ar Fhraincis nó ar Ghearmáinis. Fágann seo an bhearna réidh roimh Ghaeilgeoirí atá meallta ag an Eoraip.



² ‘What use is a Leaving Cert Irish exam that’s an open invitation to regurgitate rote-learned content?’ Siuán Ní Mhaonaigh, *Irish Times*, 12 Meitheamh 2015: <http://www.irishtimes.com/news/education/what-use-is-a-leaving-cert-irish-exam-that-s-an-open-invitation-to-regurgitate-rote-learned-content-1.2243478>

³ Diarmuid Ó Néill (2005). *Rebuilding the Celtic Languages: Reversing Language Shift in the Celtic Countries*. Y Lolfa. Lch 294.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au .

Leaganacha simplithe

I mbéala báis: teanga na Gaeltachta

Tháinig tuarascáil nua amach ar staid na Gaeilge sa Ghaeltacht: *Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: 2006–2011*. Deirtear ann go bhfuil an Ghaeilge ag fáil bháis go luath sa Ghaeltacht. Ní bheidh sí á labhairt mar theanga phobail ann i gceann deioch mbliana. Tá daoine óga ag tréigean na teanga. Foghlaimíonn daoine óga idir Ghaeilge agus Béarla, ach is láidre a gcuid Béarla anois ná a gcuid Gaeilge.

Deir na húdair nach bhfuil ag éirí leis na beartais teanga atá ann faoi láthair go bhfuil siad ag iarraidh an Ghaeilge a chothú mar theanga roghnach chultúrtha. Ach ní mhairfidh teanga mura mbaineann an pobal úsáid cheart shóisialta aisti. Caithfear tacaíocht phraiticiúil a thabhairt do dhaoine a atá ag iarraidh a gclann a thógáil le Gaeilge, agus úsáid na Gaeilge a threisiú i measc daoine óga agus Gaeilge a chothú sna scoileanna.

Tá an Stát ag diúltú dá chuid dualgas. Is dócha nach ndéanfaidh an Stáit feasta ach tacaíocht éigin a thabhairt don teanga i gcuid den chóras oideachais, tacaíocht éigin a thabhairt do scoláirí atá ag déanamh taighde ar an litríocht, agus tacaíocht a thabhairt don dátheangachas.

Ní hionann seo is a rá nach mbeidh cainteoirí Gaeilge le fáil sa Ghaeltacht feasta, ach ní bheidh mórán acu ann. Ní bheidh a ndóthain ann sampla a thabhairt don chuid eile den phobal.

Iarrachtaí gan toradh

Comhairleoir tástála teanga is ea Siuán Ní Mhaonaigh. Scríobh sí alt don *Irish Times* inar cháin sí mí-éifeacht scrúdú Gaeilge na hArdteiste. Scríobh sí faoi ‘an open invitation to regurgitate rote-learned content’. Tugann na múinteoirí aisti do na daltaí roimh ré, agus cuirtear na haistí sin in oiriúint do na topaici.

Is fusa fós an triail chluastuisceana. Níl ag teastáil chun na ceisteanna a fhreagairt ach an t-eolas is bunúsai.

Deir sí gur féidir na lochtanna úd a cheartú. Is deacair a thuiscint cén fáth nach ndéantar é. Ní mór nasc ceart a dhéanamh idir múineadh na Gaeilge sna bunscoileanna agus sna meánscoileanna agus caighdeán a chur i bhfeidhm.

Níos luaithe, sa bhliain 2005, dúirt an tráchttaire Diarmuid Ó Néill go bhfuil an ‘establishment resistance to Irish’ bunaithe ar chúrsaí geilleagair. Tá Éire ag brath go mór ar infheistíocht ón iasacht, agus deirtear gur mór an buntáiste an Béarla chuige seo. Silann Ó Néill go bhfuil eagla mhíréasúnta ar lucht pleanála in Éirinn roimh an nGaeilge dá bharr.

Ach tá deiseanna ag baint leis an nGaeilge, go háirithe san Eoraip. Tá deich mbliana ann ó rinneadh teanga oifigiúil agus oibre den Ghaeilge san Aontas Eorpach. Tá cáipéisí agus óráidí le haistriú go Gaeilge, agus tá poist eile ann a bhfuil dhá theanga oibre (Gaeilge agus Béarla, mar shampla) ag teastáil chun iad a dhéanamh.